



AN TÚDARÁS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA



Achoimre ar Staitisticí Báis,
Breoiteachta agus Gortú sa
Láthair Oibre 2007-2008

108



Ag obair le Cultúr
Náisiúnta Barr Feabhais
i Sábháilteacht, Sláinte
agus Leas san Ionad Oibre
a chruthú d'Éirinn

Clár Ábhair

1. RÉAMHRÁ	4
1.1 Forbhreathnú ar an Achoimre Staitisticí 2007 - 2008	4
1.2 Aicmithe Earnála (Leasú NACE 2)	6
Figiúr 1.1: Comparáid idir aicmiú NACE Rev. 1 agus NACE Rev. 2	6
1.3 Foinsí Eolais	7
Figiúr 1.2: Gortuithe a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus	
Sábháilteachta (HSA) de réir earnála eacnamaíche 2008 (HSA)	7
1.4 Nótaí Teicniúla	9
2. STATISTICÍ FAOI GHORTUITHE & BREOITEACHTAÍ NEAMH-MHARFACHA ...	10
2.1 Staitisticí Ginearálta faoi Ghortuithe agus Breoiteachtaí	10
Figiúr 2.1: Líon na ndaoine fostaithe i ngach earnáil eacnamaíoch	
2001-2008 (Sonraí bunaithe ar Eisiúint Staitisticí na Príomh-Oifige	
Staidrimh (CSO) Aibreán 2009)	10
Figiúr 2.2: Líon agus ráta na ndaoine a gortaíodh agus	
a raibh breoiteacht orthu 2003-2007 (CSO)	11
Figiúr 2.3: Ráta gortaithe agus breoiteachta is cúis le 4 lá	
+ caillte 2003-2007 (CSO)	12
Figiúr 2.4: Ráta gortuithe 4 lá + de réir	
earnála eacnamaíche 2003-2007 (CSO)	12
Figiúr 2.5: Ráta gortuithe 4 lá + de réir earnála eacnamaíche 2007 (CSO) ...	13
Figiúr 2.6: Ráta gortuithe 4 lá + i dTógáil i gcomparáid	
le gach earnáil eile 2003-2007 (CSO)	13
Figiúr 2.7: Ráta breoiteachtaí 4 lá + de réir earnála	
eacnamaíche 2003-2007 (CSO)	14
Figiúr 2.8: Ráta breoiteachtaí 4 lá + de réir earnála eacnamaíche 2007 (CSO) ...	14
Figiúr 2.9: Líon na n-éileamh ar Shochar Díobhálacha Ceirde a ceadaíodh	
1992-2008 (Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA))	15
Figiúr 2.10: Ráta gortuithe 4 lá + san AE 2006 (Eurostat)	15
2.2 Staitisticí faoi Íospartaigh	16
Figiúr 2.11: Ráta gortaithe /breoiteachta de réir earnála eacnamaíche	
agus inscne 2007 (CSO)	16
Figiúr 2.12: Rátá na ngortuithe ar fad (lá ar bith caillte) de réir inscne	
2003-2007 (CSO)	17
Figiúr 2.13: Ráta na mbreoiteachtaí ar fad (lá ar bith caillte) de réir	
inscne 2003-2007 (CSO)	17

Arna fhoilsiú i Meitheamh 2009 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

©Gach ceart ar cosaint. Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála nó a tharchur ar dhóigh ar bith, cé acu leictreonach, meicniúil, fotachóipeáil, taifeadadh nó eile, gan cead a fháil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta roimh ré.



	Figióir 2.14: Rátaí gortaithe de réir bandaí aoise 2003-2007 (CSO)	18
	Figióir 2.15: Rátaí breoiteachta de réir bandaí aoise 2003-2007 (CSO)	18
	Figióir 2.18: Dáileadh na ngortuithe neamh-mharfacha tuairiscithe de réir stádas fostaíochta 2008 (HSA)	19
	Figióir 2.19: Oibrithé de réir náisiúntachta agus eanála eacnamaíche 2008 (CSO)	19
	Figióir 2.20: Dáileadh na ngortuithe neamh-mharfacha tuairiscithe de réir náisiúntachta 2008 (HSA)	20
2.3	Staitisticí Teagmhais	20
	Figióir 2.21: Na cúig phríomhchúis le timpistí neamh-mharfacha tuairiscithe, gach eanáil 2008 (HSA)	20
	Figióir 2.22: Cineál gortaithe de réir inscne 2007 (CSO)	21
	Figióir 2.23: Cineál breoiteachta de réir inscne 2007 (CSO)	21
	Figióir 2.24: An ball coirp is mó a tuairiscíodh a bheith gortaithe, gach eanáil 2008 (HSA)	22
	Figióir 2.25: Gortuithe neamh-mharfacha tuairiscithe de réir neamhláithreachta ó obair 2008 (HSA)	22
2.4	Staitisticí faoi Thimpeallacht Oibre	23
	Figióir 2.26: Céatadán na ngortuithe neamh-mharfacha tuairiscithe, de réir timpeallacht oibre agus eanála eacnamaíche 2008 (HSA)	23
	Figióir 2.27: Céatadán na ngortuithe neamh-mharfacha tuairiscithe, de réir mhéid na heagraíochta a bhí mar fhostóir 2008 (HSA)	23
	Figióir 2.28: Líon na dtuairiscí de réir shuíomh geografach an teagmhais 2008 (HSA)	24
	Figióir 2.29: Ráta breoiteachta agus gortaithe de réir réigiúin 2007 (CSO)	24
	Figióir 2.30: Ráta gortaithe in aghaidh gach 1000 oibrí de réir réigiúin 2007 (CSO)	25
	3. STAITISTICÍ FAOI GHORTUITHE MARFACHA	26
	Figióir 3.1: Ráta básanna oibrithé tuairiscithe 2000-2008 (HSA)	26
	Figióir 3.2: Líon na mbásanna tuairiscithe de réir eanála eacnamaíche (idir oibrithé agus eile) 2008 (HSA)	26
	Figióir 3.3: Ráta básanna oibrithé tuairiscithe de réir eanála eacnamaíche 2008 (HSA)	27
	Figióir 3.4: Líon na mbásanna tuairiscithe (idir oibrithé agus eile) de réir eanála eacnamaíche 2002-2008 (HSA)	27
	Figióir 3.5: Ráta básanna oibrithé tuairiscithe de réir eanála eacnamaíche 2002 - 2008 (HSA)	28
	Figure 3.6: Ráta iomlán na mbásanna tuairiscithe i gcomórtas le ráta na mbásanna tuairiscithe in eanála na Talmhaíochta/lascaireachta agus Tógála 2000-2008 (HSA)	28



Figiúr 3.7: Céatadán na ngortuithe marfacha tuairiscithe de réir stádas fostaíochta 2008 (HSA)	29
Figiúr 3.8: Líon na mbásanna tuairiscithe (idir oibrithe agus eile) de réir earnála eacnamaíche agus banda aoise 2008 (HSA)	29
Figiúr 3.9: Líon na mbásanna tuairiscithe (idir oibrithe agus eile) de réir bandaí aoise 2008 (HSA)	30
Figiúr 3.10: Líon na mbásanna oibrithe tuairiscithe, de réir náisiúntachta agus earnála eacnamaíche 2008 (HSA)	30
Figiúr 3.11: Céatadán na mbásanna oibrithe tuairiscithe de réir náisiúntachta 2008 (HSA)	31
Figiúr 3.12: Rátaí básanna oibrithe tuairiscithe de réir náisiúntachta 2006-2008 (HSA)	31
Figiúr 3.13: Líon na mbásanna tuairiscithe (idir oibrithe agus eile) de réir na gcúiseanna a bhí leis na timpistí 2008 (HSA)	31
Figiúr 3.14: Líon na mbásanna tuairiscithe (idir oibrithe agus eile) de réir contae 2006-2008 (HSA)	32
Figiúr 3.15: Rátaí básanna oibrithe san AE 2006 (Eurostat)	33
Figiúr 3.16: Léarscáil a léiríonn rátaí básanna oibrithe san AE 2006 (Eurostat)	33

AGUISÍN ACHOIMRE AR BHÁSANNA 2008 34

Talmhaíocht, Foraoiseacht agus lascaireacht (21 bás)	34
lascaireacht (bás amháin)	35
Mianadóireacht agus cairéalú (bás amháin)	35
Déantúsaíocht (8 mbás)	35
Tógáil (15 bhás)	36
Trádáil mhiondíola agus mhórdíola (3 bhás)	37
lompar, stóráil agus cumarsáid (3 bhás)	37
Eastát réadach, ligean ar cíos agus gnó (bás amháin)	37
Riarachán poiblí; cosaint (2 bhás)	38
Gníomhaíochtaí pobail, sóisialta agus seirbhísí pearsanta eile (2 bhás)	38

TAGAIRTÍ 39

1. Réamhrá

1.1 Forbhreathnú ar an Achoimre Staitisticí 2007 - 2008

Tá faisnéis ar theagmhais thuairiscithe san ionaid oibre curtha i láthair i bhformáid éagsúla in Achoimre Staitisticí bhliantúil an Údaráis Sábháilteachta agus Sláinte.

I mbliana tá leagan níos giorra d'Achoimre Staitisticí bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta déanta againn. Tá athbhreithniú déanta againn ar thorthaí staitisticí gníomhaireachtaí eile agus tá anailís chúramach déanta ar na bealaí ina n-úsáidtear ár dtorthaí staitisticí. Mar gheall air seo bhíomar in ann díriú don chuid is mó ar fhaisnéis a thiomsiú a bhainfidh na páirtithe leasmhara go léir an leas is mó as. Déantar gach iarracht a chinntiú gur féidir teacht ar an bhfaisnéis ar fad agus go bhfuil sé éasca ciall a bhaint aisti.

Thuairiscigh fostóirí 7648 teagmhas neamh-mharfach don Údarás i 2008. Laghdú 9% a bheag nó a mhór ba ea seo ar an iomlán do 2007. Tháinig laghdú suntasach ar líon na ndaoine a fostaíodh thar roinnt earnálacha eacnamaíocha (Figióir 2.1). Bhí tionchar mór ag an gcur chun donais eacnamaíoch ar an earnáil tógála agus laghdú de thart ar 8% ar líon na ndaoine a fostaíodh ó thús 2007 go dtí tús 2008. B'fhéidir go raibh tionchar ag an laghdú seo ar an lucht oibre trí chéile ar líon na dteagmhais a tuairiscíodh don Údarás. I mbliana, is cuid de gach iniúchadh é go seiceáiltear cibé an bhfuil nó nach bhfuil córas ag fostóirí chun gortuithe san ionad oibre a thuairisciú don Údarás, agus mar sin is dócha go mbeidh ráta tuairiscithe níos fearr ann i 2009.

Cé go bhfuil laghdú tagtha ar líon na dteagmhais a tuairiscíodh don Údarás, tá méadú tar éis teacht ar ratá na ngortuithe is féidir a thuairisciú de réir sonraí an CSO. Tháinig méadú ar ráta na ngortuithe 4 lá + ó 11.6 go dtí 13.5 in aghaidh gach 1000 oibrí i 2007 (Figióir 2.2). Sa tréimhse chéanna, áfach, tháinig laghdú beag ar ráta na mbreiteachtaí 4 lá + ó 13.4 lá go dtí 12.2 lá in aghaidh gach 1000 oibrí. Tá sé seo i gcoinne na treochta ina bhfuil méadú seasta ag teacht ar an ráta breiteachta ó 2004 i leith. Beidh sé riachtanach breathnú ar shonraí le roinnt blianta eile chun laghdú ar bhreiteachtaí a bhaineann leis an obair a aimsiú.

Dealraíonn sé go léiríonn na hearnálacha talmhaíochta agus tógála fíorchontúirteacha rátaí gortuathé 4 lá + atá i gcomhréir leis na rátaí a bhí ann le blianta beaga anuas.

Dealraíonn sé fós go bhfuil fir a dhá oiread níos mó i mbaol ó ghortuithe ceirde ná mar atá mná fós. B'fhéidir gur de bharr fhormhór na bhfhostaithe sna hearnálacha fíorchontúirteacha cosúil le tógáil, déantúsaíocht agus talmhaíocht a bheith ina bhfir atá sé seo. Tá méadú tar éis teacht ar rátaí gortaithe na mban agus na bhfear thar fhormhór na n-earnálacha le 12 mhí anuas. I gcodarsnacht leis seo, tháinig laghdú ar an ráta breiteachta don dá inscne thar an tréimhse chéanna (Figióir 2.13).

Tá oibrithé óga fós i mbaol mór. Léiríonn an ráta de 36.1 gortú in aghaidh gach 1000 oibrí sa bhandá aoise 20 - 24 go bhfuil an ráta is airde fós ann thar na bandá aoise go léir. Bhí ráta gortaithe 30.2 in aghaidh gach 1000 oibrí ag an mbandá aoise 25-34, arb é an bandá is mó sa lucht oibre riamh é (Figióir 2.14).

Tá déimeagrafaic ionad oibre na hÉireann i 2008 fós i gcomhréir le cinn na mblianta roimhe sin (Figióir 2.19). Tá céatadán níos airde d'oibrithé nach Éireannaigh iad ag óstáin agus bialanna agus an earnáil tógála. Cé go bhfuil sé seo fós fíor, laghdaíodh líon na n-oibrithé nach Éireannaigh iad sa dá earnáil go mór idir 2007 agus 2008. Laghdaíodh líon na n-oibrithé nach Éireannaigh iad atá fostaithe san earnáil tógála ó 48,000 go dtí 37,900, arb ionann agus laghdú de bhreis agus 20%.

Is iad na cúiseanna is mó le timpistí fós ná láimhsiú agus titimí ar an leibhéal céanna (nó sleamhnaithe, tuislí, agus titimí). Áirítear leis an gcatagóir láimhsithe teagmhais a bhaineann le hardú & iompar, brú & tarraingt agus lúbadh agus casadh.



Is é 7 - 13 lá fós an tréimhse is minicí a bhítear as láthair ón obair i ndiaidh gortú ceirde, agus é mar 29% de na teagmhais a tuairiscíodh i 2008.

Tháinig formhór na dtuairiscí ar theagmhais ó eagraíochtaí móra i 2008, agus beagnach 70% díobh ag teacht ó eagraíochtaí a bhfuil 50 fostaí + acu.

Tharla díreach níos lú ná trian de na teagmhais cheirde ar fad a thaifead an CSO i mBaile Átha Cliath; tá an ráta is airde in aghaidh gach 1000 oibrí ag Baile Átha Cliath freisin. Bheifeá ag súil leis seo toisc gurb é an lárionad daonra agus fostaíochta is mó sa tír é. Tá ráta ag na réigiúin eile atá i gcomhréir lena bpobail oibre agus le líon na ngortuithe tuairiscithe (Figiúr 2.29). Is ag an iardheisceart atá an ráta gortaithe is ísle ina bhfuil líon na dteagmhais tuairiscithe íseal go coibhneasta agus lucht oibre mór.

Tá rátaí na hÉireann fós go maith i gcomparáid le ballstáit eile an AE. I 2006 bhí an tríú ráta is ísle de ghortuithe 4 lá + in aghaidh gach 100,000 oibrí ag Éirinn sa 15 AE, cé go bhfuil sé seo beagáinín níos mó ná figiúr 2005.

Thaifead an tÚdarás 57 bás a bhain leis an obair i 2008. ba leanáí iad ceathrar den seisear den ghnáthphobal a maraíodh. Tháinig méadú faoi dhó ar líon na mbásanna i dtalmhaíocht agus foraoiseacht ó 2007 go dtí 2008, treocht a bhí le sonrú in earnáil Na Déantúsaíochta freisin. I gcodarsnacht leis seo tháinig laghdú mór ar bhásanna iascaireachta, agus gan ach teagmhas marfach amháin tuairiscithe i gcomparáid le 12 bhás i 2007.

Tháinig laghdú ar líon na mbásanna in aghaidh gach 100,000 oibrí an bhliain sin freisin, cé nach raibh sé seo le sonrú i ngach earnáil. Mhéadaigh na básanna san earnáil tógála ó 5 go dtí 5.6 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí ó 2007 go dtí 2008. Tháinig laghdú beag ar an ráta básanna talmhaíochta agus thart ar 16 bhás in aghaidh gach 100,000 oibrí i gceist ach tá an ráta básanna talmhaíochta fós beagnach trí huairde níos mó ná an ráta in earnáil ar bith eile. San iomlán, tá laghdú seasta ag teacht ar an ráta básanna rollach trí bliana ó thús an chéid (Figiúr 3.1).

Is san earnáil talmhaíochta a tharla formhór na dteagmhais inar maraíodh daoine féinfhostaithe. Bhí 15 duine ón 18 duine a maraíodh in earnáil na talmhaíochta agus iascaireachta féinfhostaithe. Madir eis an bhfo-thacar seo, bhí 12 duine 55 bliain d'aois nó níos sine. Ta an treocht seo ann le fada agus léiríonn sé an phróifíl a bhaineann le hoibrithe atá fostaithe san earnáil seo.

Bhain 12% de bhásanna oibrithe i 2008 le hoibrithe nach Éireannaigh iad (Figiúr 3.11). Is laghdú 2% é seo ar an bhfigiúr céanna do 2007, fad agus a tháinig laghdú 3.2% ar líon na n-oibrithe nach Éireannaigh iad sa lucht oibre ó thaobh an gheilleagair ina iomláine. Mar an gcéanna, tháinig laghdú ar ráta na mbásanna in aghaidh gach 100,000 oibrí nach Éireannaigh iad ó 2006 (Figiúr 3.12).

I gcomhthéacs na hEorpa, tháinig laghdú mór ar an ráta básanna san ionad oibre in Éirinn i 2006 i gcomparáid le 2005. Toisc gur laghdaíodh líon na mbásanna ó 3.1 go dtí 2.2 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí, tá an seachtú ráta is ísle ag Éirinn sa 15 thír san AE anois i gcomparáid leis an 11ú ráta i 2005. Tá figiúr 2006 níos ísle ná an meán AE de 2.5 bás in aghaidh gach 100,000 oibrí.

Anuas ar na básanna san ionad oibre atá léirithe sa tuarascáil seo, níor tuairiscíodh roinnt básanna ar bhóithre don Údarás a d'fhéadfadh baint a bheith acu le daoine a bhí ag tiomáint i mbun a gcuid oibre. Tá faisnéis faoi bhásanna ar bhóithre le fáil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Mar an gcéanna, fuair daoine bás a raibh ailse orthu a d'fhéadfadh cúrsaí ceirde a bheith ina chúis leis. Tá sonraí ar bhásanna de bharr ailse ar fáil ón gClárallann Náisiúnta Ailse.



1.2 Aicmithe Earnála (Leasú NACE 2)

Rinneadh leasú mór ar aicmiú staitisticí gníomhaíochtaí eacnamaíocha, NACE (NACE Rev. 2) a tháinig in éifeacht ar an 1 Eanáir 2008 faoi Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle, 20 Nollaig 2006. Tá athruithe ar ghníomhaíocht eacnamaíoch le sonrú san aicmiú leasaithe - féach an tábla thíos a chuireann NACE Rev1 i gcomparáid le NACE Rev2. Cuireadh córais tuairiscithe agus bunachair shonraí an Údaráis in oiriúint ar an 1 Eanáir 2008, agus mar thoradh air seo tá sonraí don bhliain tagartha 2008 curtha i láthair agus á taifeadta ag úsáid chóid NACE Rev2. Tá staitisticí básanna do 2008 agus do 2009 ar shuíomh Gréasáin an Údaráis curtha i láthair aoin aicmiú leasaithe cheana féin.

Is don bhliain 2007 atá sonraí Shuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlach (QNHS) na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) sa tuarascáil seo agus mar sin tá sé bunaithe ar an aicmiú NACE Rev.1. Tá sonraí na mbásanna i rannán 3 den tuarascáil seo curtha i láthair agus NACE Rev.1 á úsáid freisin (ionas go bhféadfaí sonraí QNHS a úsáid chun rátaí básanna a áireamh). Cuirfear sonraí CSO do 2008 ar aghaidh i láthair agus NACE Rev.2 á úsáid ionas go bhfeicfidh léitheoirí bearna sna sonraí sa chéad Achoimre ar Staitisticí eile toisc nach bhfuil na seanchóid agus na cóid nua ag freagairt dá chéile.

Figiúr 1.1: Comparáid idir aicmiú NACE Rev. 1 agus NACE Rev. 2

	Leasú NACE 1		Leasú NACE 2
A	Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht	A	Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht
B	Iascaireacht		Bainte as
C	Mianadóireacht agus cairéalú	B	Mianadóireacht agus cairéalú
D	Déantúsaíocht	C	Déantúsaíocht
E	Leictreachas, gás agus soláthar uisce	D	Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe
	Nua	E	Soláthar uisce; séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin
F	Tógáil	F	Tógáil
G	Trádáil mhiondiola agus mhórdhiola; deisiú earraí mótarfeithiclí, gluaisrothar agus seirbhísí pearsanta agus teaghlach	G	Trádáil mhiondiola agus mhórdhiola; deisiú mótarfeithiclí agus gluaisrothar
H	Óstáin agus bialanna	I	Lóistín agus gníomhaíochtaí seirbhísí bia
I	Iompar, stóráil agus cumarsáid	H	Iompar agus stóráil
	Nua	J	Faisnéis agus cumarsáid
J	Idirghabháil airgeadais	K	Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais
K	Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh, ligin ar cíos agus gnó	L	Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh
	Nua	M	Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla
	Nua	N	Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin
L	Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialach éigeantach	O	Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialach éigeantach
M	Oideachas	P	Oideachas
N	Sláinte agus obair shóisialta	Q	Gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta
	Nua	R	Na hEalaíona, siamsaíocht agus caitheamh aimsire
O	Seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanta eile gníomhaíochtaí seirbhíse	S	Gníomhaíochtaí seirbhíse eile



1.3 Foinsí Eolais

Úsáidtear foinsí sonraí éagsúla chun Achoimre Staitisticí an Údaráis a chur le chéile. Luaitear na foinsí atá le gach graf agus tábla sa tuarascáil seo. Tá siad le fáil idir lúbíní i ndiaidh an teidil.

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)

Tá dualgas dlíthiúil ar fhostóirí teagmhais a thuairisciú don Údarás má bhíonn oibríthe as láthair ón obair ar feadh breis agus ceithre lá (4 lá +) de bharr gortaithe. Is féidir gortuithe a thuairisciú don Údarás ar an teileafón, i bhfoirm facs, tríd an bpost nó ar líne (trí shuíomh Gréasáin an HSA). Cinneann modheolaíocht Staitisticí Eorpacha um Timpistí ag an Obair (ESAW) na míreanna sonraí a bhailítear trí fhoirm thuairisce ar theagmhas (IR1) de chuid an Údaráis.

Ma chuirtear bunachar sonraí an Údaráis ar ghortuithe a bhaineann le hobair i gcomparáid le meastacháin CSO tugtar le tuiscint nach mbíonn na teagmhais go léir á dtuairisciú fós i roinnt earnálacha. Mar gheall air seo, is ar shonraí ón CSO áttá na rátaí gortaithe neamh-mharfacha bunaithe. Tá eolas tábhachtach le fáil ar shaintréithe an íospartaigh timpiste, cineál an teagmhais agus an timpeallacht oibre, áfach, sna 7658 tuairisc ar ghortú ceirde i mbunachar sonraí an Údaráis do 2008

Tá an tÚdarás freagrach as an mbunachar sonraí oifigiúil ar bhásanna san ionad oibre a chothabháil agus úsáidtear an bunachar sonraí seo chun an an ráta básanna oibríthe bliantúil a áireamh. Bailítear na réimsí sonraí céanna do ghortuithe marfacha.

Léiríonn Figiúr 1.2 líon agus céatadán na dtuairiscí ar thimpistí ó gach earnáil eacnamaíoch i 2008.

Figiúr 1.2: Gortuithe a tuairiscíodh don HSA de réir earnála eacnamaíche 2008 (HSA)		
Earnáil Eacnamaíoch (NACE Rev.2)	Líon tuairiscí	Tuairiscí %
Talmhaíocht, Foraoiseacht Agus Iascaireacht	97	1.3%
Mianadóireacht Agus Cairéalú	80	1%
Déantúsaíocht	1592	20.8%
Soláthar Leictreachais, Gáis, Gaile Agus Aerchóirithe	64	0.8%
Soláthar uisce; Séarachas, Bainistíocht Dramhaíola Agus Gníomhaíochtaí Feabhsúcháin	120	1.6%
Tógáil	1178	15.4%
Trádáil Mhiondíola agus Mhórdhíola; Mótárfeithiclí agus Gluaisrothair a Dheisiú	754	9.9%
Iompar Agus Stóráil	868	11.4%
Lóistín agus Gníomhaíochtaí Seirbhísí Bia	170	2.2%
Faisnéis agus Cumarsáid	96	1.3%
Gníomhaíochtaí Airgeadais agus Árachais	148	2%
Gníomhaíochtaí Eastáit Réadaigh	4	0.1%
Gníomhaíochtaí Gairmiúla, Eolaíoch agus Teicniúla	49	0.7%
Gníomhaíochtaí Seirbhísí Tacaíochta Agus Riaracháin	95	1.3%
Riarachán Poiblí agus Cosaint; Slándáil Shóisialach Éigeantach	936	12.2%
Oideachas	97	1.3%
Gníomhaíochtaí Shláinte an Duine agus Oibre Sóisialta	1034	13.5%
Na hEalaíona, Siamsaíocht agus Caitheamh aimsire	35	0.5%
Gníomhaíochtaí Seirbhíse eile	238	3.1%
Gníomhaíochtaí Eagraíochtaí agus Comhlachtaí Seach-Chríochacha	3	0.1%
Iomlán	7658	100%



Eurostat

Is í Eurostat gníomhaireacht staitisticí an Aontais Eorpaigh. Soláthraíonn sí seirbhís faisnéise ar staitisticí don Aontas Eorpach go léir agus cuireann sé comhoiriúnú modhanna staitistiúla chun cinn ar fud na mballstát. Tá na modheolaíochtaí a úsáideann na ballstáit go léir chun faisnéis a fháil agus staitisticí a tháirgeadh maidir le gortuithe agus galair cheirde leagtha síos ag Eurostat. Tá go leor grúpaí oibre agus teicniúla in Eurostat chomh maith a bhfuil sé mar aidhm acu dea-chleachtais a chur chun cinn sa réimse seo ar fud an phobail.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

Gach bliain déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) meastachán ar líon na n-oibríthe a gortaíodh ag an obair nó a raibh breoiteacht a bhain le hobair orthu. Bunaítear an meastachán seo ar an modúl Timpistí agus Breoiteachtaí sa tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (QNHS), a dhéantar gach bliain sa chéad ráithe. Táscaire tábhachtach iad na sonraí a bhaineann le líon agus ráta breoiteachta agus gortaithe 4 lá + cailte mar seasann siad d'fho-thacar timpistí a bhfuil dualgas dlíthiúil ar fhostóirí a thuairisciú.

Déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh suirbhé ar 3,000 teaghlach gach seachtain, agus is ionann é sin agus sampla de 39,000 teaghlach san iomlán gach ráithe. Is í an tréimhse thagartha do na sonraí CSO san Achoimre Staitisticí seo ná na 12 mhí roimh an agallamh, agus i gcás mheastacháin 2007 sa tuarascáil seo, tá sé bunaithe ar shuirbhé a rinneadh le linn Mhí na Nollag 2007 go dtí Mí Feabhra 2008.

Sa mhodúl Timpistí agus Breoiteachtaí, iarrann oibríthe allamuigh CSO ar dhaoine a bhfuil 15 bliain nó níos mó slánaithe acu a rá ar gortaíodh iad ag an obair nó an raibh aon bhreoiteacht orthu faoinar mheas siad gur bh í an obair ba chúis léi nó a chuir chun donachta le 12 mí anuas í.

Rinneadh athruithe ar na modhanna suirbhéireachta i ndiaidh 1998, agus mar sin ní féidir torthaí gach suirbhé QNHS a chur i gcomparáid go díreach lena chéile. Is féidir, áfach, an suirbhé a rinneadh sa chéad ráithe (Q1) de 2008 a chur i gcomparáid leis na suirbhéanna a rinneadh ó 2003 go 2007.

Toisc gur suirbhé samplach atá sa QNHS a bhfuil féintuairisciú timpistí agus breoiteachtaí a bhaineann le hobair mar chuid de, tá na torthaí faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis, go sonrach, nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht.

Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA)

Tá sonraí a sholáthraíonn an rannóg um Shochair Díobhálacha Ceirde (OIB) den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA) bunaithe ar éilimh a rinne árachaithe a gortaíodh agus iad i mbun a gcuid oibre. Caithfidh an gortú a bheith ann ar feadh ceithre lá ar a laghad, agus caithfear teastas dochtúra agus foirm éilimh a chur isteach laistigh de 21 lá ón uair a gortaíodh an duine.

Is iondúil go mbíonn líon na n-éileamh níos lú ná líon na ngortuithe a bhaineann le hobair toisc nach bhfuil árachas sóisialta ag gach oibrí agus nach ndéantar éileamh mar gheall ar gach gortú. Tá níos lú gortuithe ceirde i dtacar sonraí an OIB ná i gceann an QNHS, ach is féidir leas a bhaint as na figiúirí chun treochtaí a mheas toisc nár tháinig aon athrú ar na critéir i gcomhair íocaíochtaí sochair le himeacht ama.



1.4 Nótaí Teicniúla

Aicmiú gortuithe

Baineann an tÚdarás úsáid as aicmiú caighdeánach idirnáisiúnta dá bhunachar sonraí teagmhas agus dá staitisticí:

- Gníomhaíocht eacnamaíoch: NACE (Nomenclature statistique des activités économiques dans la Communauté Européenne: Aicmiú Staitisticí Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach), a chothaíonn Eurostat (Gníomhaireacht Staitisticí an Choimisiúin Eorpaigh).

Is féidir an t-aicmiú a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Eurostat:

<http://circa.europa.eu/irc/dsis/nacecpaonlinfo/data/en/2007%20introduction.htm>

- Gairm: ISCO (Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta na nGairmeacha), a chothaíonn ILO (Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair).

Is féidir na cóid ISCO a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair:

<http://www.ilo.org/public/english/bureau/stat/isco/index.htm>

- Staitisticí Eorpacha ar Thimpistí ag an Obair (ESAW) –athróga, sainmhínithe agus aicmithe a bhaineann leis an íospartach, an teagmhas agus cúinsí an teagmhais, a chothaíonn Eurostat.

Is féidir modheolaíocht ESAW a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Eurostat:

http://ec.europa.eu/employment_social/publications/2002/ke4202569_en.html

- Rátaí gortaithe neamh-mharfacha agus marfacha a áireamh- déantar rátaí gortaithe agus breoiteachta a áireamh in aghaidh gach 1000 oibrí. Déantar na rátaí básanna a áireamh in aghaidh gach 100,000 oibrí.

2. Staitisticí faoi Ghortuithe & Breoiteachtaí Neamh-Mharfacha

2.1 Staitisticí Ginearálta faoi Ghortuithe agus Breoiteachtaí

Figiúr 2.1: Líon na ndaoine fostaithe i ngach earnáil eacnamaíoch 2001-2008 (Sonraí bunaithe ar Eisiúint Staitisticí an CSO Aibreán 2009)

Líon Fostaithe								
Earnáil Eacnamaíoch	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008
A-B Talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht	121,700	114,300	118,900	112,500	115,500	115,800	118,700	116,000
C-E Tionscail táirgthe eile	310,400	303,200	297,400	297,300	285,000	292,100	290,700	278,300
F Tógáil	183,200	188,500	202,300	233,100	253,800	281,600	279,000	233,100
G Trádáil mhiondíola agus mhórdhíola	249,100	252,300	263,400	267,600	286,100	288,300	311,600	293,400
H Óstáin agus bialanna	108,700	110,500	113,100	112,300	113,100	116,600	132,300	121,800
I Iompar, stóráil, cumarsáid	108,900	110,900	113,400	115,700	120,500	117,200	120,800	121,700
J-K Seirbhísí Airgeadais agus gnó	226,400	226,600	234,400	252,900	269,200	278,000	297,100	285,500
L Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialach	82,000	88,600	89,900	96,400	103,100	105,100	105,000	105,600
M Oideachas	106,600	115,000	119,400	119,800	132,800	139,600	139,100	145,400
N Sláinte agus obair shóisialta	153,400	165,700	177,200	185,500	196,300	210,200	221,300	224,800
O Eile	94,900	96,300	106,400	115,400	122,800	121,600	123,300	126,400
Iomlán	1,745,300	1,771,900	1,835,800	1,908,500	1,998,200	2,066,100	2,138,900	2,052,000

Nóta: Sa tábla thuas, seasann na cealla buí do na hearnálacha inar tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhí fostaithe sa bhliain chomhfhreagrach. Cuireann na cealla bán dearga in iúl gur tháinig laghdú ar líon na ndaoine a bhí fostaithe.

Tá na hearnálacha A-B, C-E agus J-K comhcheangailte i gcuid de na figiúirí toisc go bhfuil meastacháin ar an bpobal oibre sna hearnálacha seo comhcheangailte ag an CSO.

Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.




Figiúr 2.2: Líon agus ráta na ndaoine a gortaíodh agus a raibh breoiteacht orthu 2003-2007 (CSO)

	2003		2004		2005		2006		2007	
	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000								
Líon iomlán fostaithe	1,835,900		1,908,300		1,998,100		2,074,900		2,135,100	
Gortú										
Líon iomlán a gortaíodh	56,000	30.5	53,100	27.8	57,800	28.9	58,200	28.0	64,200	30.1
0-3 lá as láthair	33,700	18.4	31,100	16.3	33,800	16.9	34,100	16.4	35,427	16.6
4 lá + as láthair	22,400	12.2	21,600	11.3	23,900	12.0	24,100	11.6	28,800	13.5
Laethanta a cailleadh mar gheall ar ghortú	762,800		579,500		723,700		758,600		1,013,700	
Breoiteacht										
Líon na ndaoine a raibh breoiteacht orthu	48,000	26.1	58,700	30.8	63,900	32.0	71,300	34.4	59,300	27.8
0-3 lá as láthair	29,500	16.1	39,100	20.5	41,000	20.5	43,500	21.0	33,300	15.6
4 lá + as láthair	18,500	10.1	19,600	10.3	22,900	11.5	27,900	13.4	25,953	12.2
Laethanta a cailleadh mar gheall ar bhreoiteacht	570,300		822,300		824,300		973,000		930,300	
Gortú & Breoiteacht										
Líon iomlán na ngortuithe nó breoiteachtaí	104,000	56.6	111,800	58.6	121,700	60.9	129,500	62.4	123,500	57.8
Iomlán (4 lá + as láthair)	40,900	22.3	41,200	21.6	46,800	23.4	52,000	25.1	54,753	25.6
Líon iomlán na laethanta caillte	1,333,100		1,401,800		1,548,000		1,731,600		1,944,000	

Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.



Figiúr 2.3: Ráta gortaithe agus breoiteachta is cúis le 4 lá + caillte 2003-2007 (CSO)



Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.


Figiúr 2.4: Ráta gortuithe 4 lá + de réir earnála eacnamaíche 2003-2007 (CSO)

EARNÁIL EACNAMAÍOCH	Ráta in aghaidh gach 1000 Oibrí				
	2003	2004	2005	2006	2007
Talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht	12.6	18.7	16.5	9.5	10.7
Tionscail táirgthe eile	18.8	10.8	15.8	16.2	22.2
Tógáil	26.7	22.7	22.5	20.2	21.2
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola	10.3	7.8	8	4.1	12.0
Óstáin agus bialanna	10.6	6.2	15.9	3.3	9.7
Iompar, stóráil, cumarsáid	11.5	19	8.3	30	15.5
Seirbhísí airgeadais agus gnó	2.6	3.2	2.2	0.7	6.8
Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialach	14.5	13.5	18.4	15.2	9.0
Oideachas	4.2	3.3	4.5	2.1	5.6
Sláinte agus obair shóisialta	10.7	15.6	13.8	18.4	10.0
Eile	3.8	5.2	8.1	11	20.0
Iomlán	12.2	11.3	12	11.6	13.5

Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.




Figiúr 2.5: Ráta gortuithe 4 lá + de réir earnála eacnamaíche 2007 (CSO)



Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

Figiúr 2.6: Ráta gortuithe 4 lá + i dtógáil i gcomparáid le gach earnáil eile 2003-2007 (CSO)




Foinse CSO, QNHS: Tá meastacháin QNHS faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

**Figióir 2.7: Ráta breoiteachtaí 4 lá + de réir earnála eacnamaíche 2003-2007 (CSO)**

EARNÁIL EACNAMAÍOCH	Ráta in aghaidh gach 1000 Oibrí				
	2003	2004	2005	2006	2007
Talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht	11.8	13.3	20.8	25.8	12.3
Tionscail táirgthe eile	11.4	11.4	6	11	8.6
Tógáil	13.3	8.2	15	16.3	10.7
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola	8.4	3.4	10.8	7.2	10.8
Óstáin agus bialanna	5.3	8	10.6	5	4.9
Iompar, stóráil, cumarsáid	11.5	22.5	18.3	5.7	13.2
Seirbhísí airgeadais agus gnó	6.4	7.1	8.5	12.5	12.1
